CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

Faisnéis

Preaseisiúint Uimh. 131/26

Lucsamburg, 23 Meán Fómhair 2026

# Togadh Maria José Costeira ina Leas-Uachtarán ar Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh

I ndiaidh Savvas Papasavvas a thogadh mar Uachtarán ar Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh [1], thogh a comhghleacaithe Maria José Costeira mar Leas-Uachtarán ar an gCúirt Ghinearálta don tréimhse atá fágtha, eadhon an 23 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Lúnasa 2028.

**CV Maria José Costeira**

Rugadh Maria José Costeira sa bhliain 1967 in Porto (an Phortaingéil). Bhain sí céim sa dlí amach ó Dhámh an Dlí, Universidade de Coimbra (Ollscoil Coimbra, an Phortaingéil) in 1991 agus in 2001 rinne sí staidéar iarchéime i ndlí na maoine intleachtúla ag Dámh an Dlí, Universidade de Lisboa (Ollscoil Liospóin, an Phortaingéil).

Bhí sí ina dlíodóir faoi oiliúint ag Barra Coimbra (an Phortaingéil) ó 1991 go 1992, agus chuaigh sí isteach i Centro de Estudos Judiciários (Scoil Náisiúnta na mBreithiúna, an Phortaingéil) mar bhreitheamh faoi oiliúint in 1992. Ceapadh ina breitheamh í in 1995, agus shuigh sí ag Tribunal Judicial da Comarca de Cascais (Cúirt Dúiche Cascais, an Phortaingéil) ag Tribunal Judicial da Comarca de Ferreira do Zêzere (Cúirt Dúiche Ferreira do Zêzere, an Phortaingéil) agus ag Tribunal da Pequena Instância Criminal de Lisboa (Cúirt Choiriúil Liospóin, an Phortaingéil) ó 1995 go 1997, ag Tribunal do Comércio da Comarca de Lisboa (Cúirt Tráchtála Liospóin, an Phortaingéil) ó 1999 go 2016, agus ag Tribunal da Relação de Coimbra (Cúirt Achomhairc Coimbra, an Phortaingéil) in 2016. Ní hamháin go raibh sí ag déileáil le cásanna agus í ina breitheamh, ach bhí sí rannpháirteach chomh maith in ionadaíocht na mbreithiúna, agus í ina hard-rúnaí de Chomhlachas na mBreithiúna Portaingéalach ó 2012 go 2015, comhlachas a raibh sí ina cathaoirleach air go dtí 2016.

Agus í ina hollamh ar cuairt, déanann an tUasal Costeira teagasc ar dhlí na maoine tionsclaíochta, ar dhlí na hiomaíochta agus ar an dlí tráchtála ag Dámh an Dlí in Universidade de Lisboa (Ollscoil Liospóin), Universidade de Coimbra (Ollscoil Coimbra), Universidade Nova de Lisboa (Ollscoil Nua Liospóin, an Phortaingéil) agus Universidade Católica Portuguesa (Ollscoil Chaitliceach na Portaingéile, an Phortaingéil), ag Escola de Direito da Universidade do Minho (Scoil Dlí, Ollscoil Minho, an Phortaingéil) agus ag Centro de Estudos Judiciários (Scoil Náisiúnta na mBreithiúna), ó 2003.

Ceapadh Maria José Costeira ina breitheamh de Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ar an 19 Meán Fómhair 2016 agus bhí sí ina hUachtarán ar Dhlísheomra ón 30 Meán Fómhair 2019go dtí an 31 Lúnasa 2025. Ceapadh inniu í ina Leas-Uachtarán ar an gCúirt Ghinearálta.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Féach Preaseisiúint Uimh. 126/26 an 16 Meán Fómhair 2026.